Treoirlínte d'iarratasóirí

AN SCÉIM MEANTÓIREACHTA 2027

Treoirlínte:

Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoin Scéim Meantóireachta 2027.

Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil tú cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú.

1. Mar gheall ar an scéim seo

Tá maoiniú á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge d'iarratasóirí in Éirinn chun deis a thabhairt do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí aitheanta iad.

Aidhmeanna

1. Réimse léitheoireachta i nGaeilge a mhéadú trí thacú le scríbhneoirí úra tosú amach
2. Eispéireas liteartha na scríbhneoirí a fhorbairt trí shochar a bhaint as an saineolas agus an taithí atá san earnáil

Cuspóirí

1. Struchtúr foirmiúil tacaíochta a chur ar fáil don scríbhneoir go bhfaighidh siad treoir ón meantóir maidir le saothar cruthaitheach atá idir lámha
2. Comhairle a chur ag an meantóir ar an scríbhneoir ar bhonn rialta agus struchtúrtha

Tréimhse mhaoinithe **9 mí** atá ar fáil d'iarratasóirí, agus beidh uasmhéid an mhaoinithe ag brath ar incháilitheacht faoi réir chomhlíonadh na gcritéar thíosluaite.

Beidh an scéim iomaíoch seo oscailte d'iarratasóirí ó áit ar bith in Éirinn, agus caithfear le gach uile iarratas ar an dóigh chéanna tríd an bpróiseas measúnaithe.

De bhrí gur scéim iomaíoch í, ní féidir barántas a thabhairt go gcuirfear maoiniú ar fáil faoin scéim d'iarratasóir ar bith. Tá súil againn go mbeidh éileamh mór ar an scéim seo agus beidh maoiniú le tairiscint do líon teoranta iarratasóirí.

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge luach ar airgead gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.

2. An féidir liomsa cur isteach air?

Le bheith incháilithe le cur isteach ar an scéim seo caithfidh an t-iarratasóir a bheith in ann na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh;

1. Tá cuntas bainc ag an iarratasóir.
2.
    a. **Scríbhneoirí**: Is scríbhneoir thú i dtús do ré scríbhneoireachta nár ghlac páirt sa Scéim Meantóireachta roimhe atá ar lorg tacaíocht ó mheantóir **NÓ**
    b. **Meantóirí**: is scríbhneoir aitheanta thú atá ag iarraidh tacaíocht a chur ar fáil do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta **NÓ**
    c. **Comhordaitheoir:** is scríbhneoir aitheanta thú atá ag iarraidh ceardlanna agus tacaíocht a chur ar fáil do na meantóirí agus na scríbhneoirí

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

3. Cé mhéad maoinithe is féidir liom a fháil?

Is féidir maoiniú 9 mí a fháil don tréimhse an 1 Márta 2027 go dtí an 30 Samhain 2027. Má éiríonn le hiarratas, agus ag brath ar chiste na scéime:

- Íocfar €1,200 leis an scríbhneoir mar tháille iomlán (costais taistil san áireamh).
- Íocfar €3,000 leis an meantóir mar tháille iomlán (costais taistil san áireamh). Clúdóidh an táille seo an mheantóireacht ar an scríbhneoir ábhartha, mar aon le léirmheasanna a dhéanamh ar rogha shaothair ó chuid de na scríbhneoirí eile faoin scéim.
- Íocfar €1,500 leis an gcomhordaitheoir mar tháille iomlán (costais taistil san áireamh).

Is féidir cur isteach ar ról mar mheantóir agus ar ról an chomhordaitheora araon.

4. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheasúnú. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo.

Is gá **65% ar a laghad** a fháil le go mbronnfar deontas ar an iarratasóir. Ina dhiaidh sin, tosóimid ag dáileadh an chiste, ag tosú leis an iarratas a fuair an marc is airde go dtí go bhfuil an ciste ídithe nó nach bhfuil aon iarratas cáilithe fágtha.

An Scéim Meantóireachta - Scríbhneoirí	
Réimse	**Marc**
Seánra agus spriocphobal léitheoireachta agus réimsí le forbairt faoin scéim	40
Feasacht léitheoireachta	20
Cúis leis an iarratas agus an tairbhe a bheidh le baint as an scéim	40
Iomlán	**100**

An Scéim Meantóireachta - Meantóirí	
Réimse	**Marc**
Saineolas agus taithí scríbhneoireachta maidir le seánra(í) aitheanta (CV liteartha)	40
Taithí sna réimsí agus scileanna scríbhneoireachta a bhfuil an t-iarratasóir sásta cúram a dhéanamh dóibh	30
Taithí maidir le haiseolas agus oiliúint a chur ar fáil	30
Iomlán	**100**

An Scéim Meantóireachta - Comhordaitheoir	
Réimse	**Marc**
Taithí maidir le ceardlann a eagrú agus comhoibriú le daoine	35
Taithí maidir le hoiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil	35
Feiliúnacht tabhairt faoi ról an chomhordaitheora	30
Iomlán	100

Coinníollacha ar leith

Ní mór duit iarratas a ullmhú:

- a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí na scéime
- a bhfuil spriocanna ann atá sonrach, intomhaiste, uaillmhianach, faoi cheangal acmhainne agus faoi cheangal ama don tréimhse 9 mí, an 1 Márta 2027 go dtí an 30 Samhain 2027

Gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim

- Saothar a fhoilsiú in aon fhormáid; ba cheart d'fhoilsitheoirí aon iarratas maidir le foilsitheoireacht a dhéanamh faoi Scéim na Foilsitheoireachta
- Margaíocht ar shaothar atá foilsithe ag foilsitheoir a fhaigheann maoiniú faoi Scéim na Foilsitheoireachta; ba cheart don fhoilsitheoir aon iarratas maidir le cúrsaí margaíochta e.g. seoltaí leabhar, a dhéanamh faoi Scéim na Foilsitheoireachta
- Cúrsa oiliúna acadúla
- Iarratais nach bhfuil ag teacht le haidhmeanna agus le cuspóirí na scéime

5. Cad é mar a chuirfidh mé isteach air?

Sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm iarratais a chomhlánú léigh na treoirlínte ina n-iomláine arís agus déan cinnte go gcomhlíonann tú critéir cháilitheacha na scéime faoi mhír 2 thuas.

5.1 Eolas don scríbhneoir

Iarraimid ar scríbhneoir i dtús a ré scríbhneoireachta ar mian leo a bheith páirteach sa Scéim Meantóireachta ***Foirm Iarratais: Scríbhneoir*** a chomhlánú agus a sheoladh chuig leabhar@forasnagaeilge.ie. Ní mór don scríbhneoir samplaí dá gcuid saothair a chur ar fáil mar chuid den iarratas freisin. Ní ghlacfaimid le hiarratais ó dhaoine atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

5.2 Eolas don mheantóir

Iarraimid ar scríbhneoirí aitheanta a bhfuil suim acu a bheith ina meantóirí faoin Scéim Meantóireachta ***Foirm Iarratais: Meantóir*** a chomhlánú agus a sheoladh chuig leabhar@forasnagaeilge.ie móide CV liteartha. Ní ghlacfaimid le hiarratais ó dhaoine atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

5.3 Eolas don chomhordaitheoir

Iarraimid ar scríbhneoirí aitheanta a bhfuil suim acu iarratas a dhéanamh ar an ról mar chomhordaitheoir ar an Scéim Meantóireachta ***Foirm Iarratais: Comhordaitheoir*** a chomhlánú agus a sheoladh chuig leabhar@forasnagaeilge.ie. Ní ghlacfaimid le hiarratais ó dhaoine atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

Caithfidh tú gach ceist a fhreagairt ar an bhfoirm iarratais.

Is é **12 meán lae Dé Luain an 18 Eanáir 2027** an spriocdháta le haghaidh iarratas a sheoladh **ar ríomhphost amháin** chuig leabhar@forasnagaeilge.ie

Faoin iarratasóir féin atá sé a dhéanamh cinnte go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus curtha isteach in am. **Ní ghlacfar le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta.**

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den iarratas, déan teagmháil le Foras na Gaeilge **roimh an spriocdháta** ar leabhar@forasnagaeilge.ie

6. Cad é a tharlóidh do m'iarratas?

Déanfar gach iarratas bailí a mheas faoi na critéir a luaitear i mír 4 thuas.

Cuirfear an cinneadh maoinithe in iúl d'iarratasóirí trí theachtaireacht ag an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil.

Cealófar aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó le haon fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

Cealófar aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.

Is é feidhmeannas Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú, agus a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

7. Má éiríonn le m'iarratas?

Má éiríonn le d'iarratas cuirfimid tairiscint chugat ar ríomhphost ina mbeidh gach eolas ábhartha maidir le híocaíocht agus monatóireacht dheontas na scéime.

Conradh dlíthiúil a bheidh sa tairiscint seo agus ní mór cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin. Is féidir go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de théarmaí nó choinníollacha an chonartha.

7.1 An mheantóireacht

Socrú páirtaimseartha ócáide atá sa mheantóireacht a mhairfidh 9 mí ón dáta a chuirfidh an meantóir agus an scríbhneoir an fhoirm ***Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*** chuig Foras na Gaeilge. Is gá í seo a chur ar fáil laistigh de 14 lá oibre ón dáta a gcuirfidh Foras na Gaeilge cinneadh in iúl faoin iarratas. Feidhmeoidh Foras na Gaeilge mar áisitheoir chun scríbhneoir a chur i dteagmháil le meantóir.

Molaimid don mheantóir agus don scríbhneoir bualadh le chéile uair sa mhí ar a laghad, go fíorúil agus teacht ar chomhaontú maidir le teagmháil idir na cruinnithe ar nós ríomhphoist nó scairteanna gutháin, más cuí, ach is fúthu araon teacht ar mhodh oibre a fheilfidh dá gcuid riachtanas féin. Ag tús na tréimhse meantóireachta, iarrfaimid ar an meantóir agus ar an scríbhneoir tuairisc ghairid a thabhairt ar aidhm agus ar mhodh oibre na meantóireachta ar fhoirm an chomhaontaithe.

Beimid ag súil go gcomhlíonfaidh an meantóir agus an scríbhneoir an modh oibre comhaontaithe seo. Má tá aon deacracht ann ina leith beidh gá le breathnú arís ar an modh oibre comhaontaithe, agus ní mór aon athruithe a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge ag leabhar@forasnagaeilge.ie

Cuirfear liosta reatha de mheantóirí na scéime ar fáil ar www.forasnagaeilge.ie Déanaimid an liosta seo a nuashonrú ó am go chéile.

7.2 Léirmheastóireacht

Mar aon leis an mheantóireacht beidh léirmheas le déanamh ag gach meantóir ar rogha shaothair ó chuid de na scríbhneoirí eile faoin scéim.

Gheobhaidh gach scríbhneoir léirmheas ar phíosa atá scríofa acu ó dhuine neamhspleách nach raibh ag plé leo faoin Scéim Meantóireachta. Déanfar seo ar bhonn discréide, trí Fhoras na Gaeilge, agus ní bheidh a fhios ag an scríbhneoir cé a rinne an léirmheas ná ag an léirmheastóir cé a scríobh an píosa. Faoin scríbhneoir féin a bheidh sé an deis léirmheastóireachta seo a thapú agus ní bheidh iallach orthu glacadh leis seo.

7.3 Comhordaitheoir na scéime

Roghnóidh Foras na Gaeilge comhordaitheoir don Scéim Meantóireachta as measc iarratais ó scríbhneoirí aitheanta chun tacaíocht a chur ar fáil do na meantóirí eile agus na scríbhneoirí agus chun ceardlanna a eagrú ag tús agus deireadh na scéime agus de réir mar is gá, go fíorúil más cuí. Díreoidh an comhordaitheoir sna ceardlanna seo ar phointí praiticiúla maidir le tabhairt faoi scríbhneoireacht na Gaeilge, agus deis a bheidh iontu do na meantóirí agus na scríbhneoirí go léir teacht le chéile agus an scéim a phlé go ginearálta. Beidh an comhordaitheoir ar fáil do na meantóirí má thagann aon cheist chun cinn i rith thréimhse na meantóireachta.

8. An Próiseas Íocaíochta

Ní mór cuntas bainc a bheith ag an iarratasóir.

Ní dhéanfaidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar chaiteachas nach bhfuil ceadaithe roimh ré. Ní íocfar aon deontas go siarghabhálach.

Féadfaidh Foras na Gaeilge deireadh a chur leis an maoiniú ag am ar bith le linn na tréimhse má táimid den bharúil nach bhfuil leas ceart á bhaint as an scéim. Ní bheidh dul thar bhreith Fhoras na Gaeilge ina leith sin.

Íocfaimid táillí in euro amháin.

Ní íocfar aon táille gan an fhoirm ***Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*** a bheith faighte againn ón meantóir agus ón scríbhneoir, a dhearbhaíonn go bhfuil an mheantóireacht tosaithe.

8.1 Táille an scríbhneora

Íocfaimid táille an scríbhneora ina dhá ghála.

Íocfaimid an chéad ghála, €200, tar éis don scríbhneoir agus don mheantóir an fhoirm ***Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*** a chur ar ais. Ní íocfaimid an chéad ghála go dtí go bhfaighimid an cháipéis seo.

Íocfaimid an gála deireanach, €1,000, leis an scríbhneoir nuair a bheidh an mheantóireacht curtha i gcrích go sásúil agus nuair a bheidh na nithe a leanas curtha ar fáil:

- éileamh ar an ngála deireanach mar aon le tuairisc ghairid scríofa ón scríbhneoir agus ón meantóir ar thairbhe agus ar thorthaí na scéime ar an bhfoirm chuí, ***Foirm Éilithe Íocaíochta***.
- sampla de shaothar i bhfoirm PDF mar fhianaise go bhfuil dul chun cinn déanta, mar a bhí aontaithe sa chonradh.

Ní íocfaimid an dara gála go dtí go bhfaighimid na nithe seo.

Cuirfidh Foras na Gaeilge ar ceal aon chuid den táille nach bhfaighidh Foras na Gaeilge éileamh íocaíochta críochnúil ina leith faoin **30 Samhain 2027** ach amháin má chomhaontaíonn Foras na Gaeilge agus an t-iarratasóir a mhalairt.

8.2 Táille an mheantóra

Íocfaimid táille an mheantóra ina dhá ghála.

Íocfaimid an chead ghála, €1,500 tar éis don scríbhneoir agus don mheantóir an fhoirm ***Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*** a chur ar ais. Ní íocfaimid an chéad ghála seo go dtí go bhfaighimid an cháipéis seo.

Íocfaimid an gála deireanach, €1,500, nuair a bheidh an mheantóireacht curtha i gcrích go sásúil agus éileamh ar an ngála deireanach mar aon le tuairisc ghairid scríofa ar thairbhe agus ar thorthaí na scéime faighte againn ón meantóir agus ón scríbhneoir ar an bhfoirm chuí, ***Foirm Éilithe Íocaíochta***. Ní íocfaimid an gála deireanach seo go dtí go bhfaighimid an tuairisc seo.

Cuirfidh Foras na Gaeilge ar ceal aon chuid den táille nach bhfaighidh Foras na Gaeilge éileamh íocaíochta críochnúil ina leith faoin **30 Samhain 2027** ach amháin má chomhaontaíonn Foras na Gaeilge agus an t-iarratasóir a mhalairt.

8.3 Táille an chomhordaitheora

Íocfaimid táille an chomhordaitheora ina dhá ghála.

Íocfaimid €750 tar éis na chéad ceardlainne agus nuair a bheidh ***Foirm Éilithe Íocaíochta*** *faighte*.

Íocfaimid €750 tar éis don chomhordaitheoir an cheardlann dheireanach a chur ar fáil ag deireadh na scéime, á léiriú gur chuir siad tacaíocht ar fáil do na meantóirí agus na scríbhneoirí, agus nuair a bheidh éileamh ar an ngála deireanach mar aon le tuairisc scríofa faighte againn uathu ina leith seo ar an bhfoirm chuí, ***Foirm Éilithe Íocaíochta***. Ní íocfaimid an gála deireanach seo go dtí go bhfaighimid an tuairisc seo.

Cuirfidh Foras na Gaeilge ar ceal aon chuid den táille nach bhfaighidh Foras na Gaeilge éileamh íocaíochta críochnúil ina leith faoin **30 Samhain 2027** ach amháin má chomhaontaíonn Foras na Gaeilge agus an t-iarratasóir a mhalairt.

9. Cad é mar is féidir liom aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó achomharc a lorg?

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh aon mholtaí nó aiseolas a bheadh agat faoin scéim seo.

Má tá ábhar gearáin agat faoin scéim seo is féidir sin a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge chomh maith.

Tá córas achomhairc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas, is féidir leat athbhreithniú a lorg i scríbhinn taobh istigh de cheithre lá dhéag ó dháta na tairisceana faoin gcinneadh. Ní mór gach iarraidh ar athbhreithniú a bhunú ar na cúiseanna seo amháin:

i. Go ndearna Foras na Gaeilge míléamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe.
ii. Gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón bpróiseas measúnaithe féin.